Scoileanna rannpháirteach
sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:

Na Príomhtheachtaireachtaí ó Chuairteanna Comhairleacha na Cigireachta

Tuairisc Achomair

Meán Fómhair go Nollaig 2018

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Clár

Réamhrá 2

1. Na príomhtheachtaireachtaí ó bhunscoileanna rannpháirteach sa Scéim 3

1.1 An luaththumoideachas i ranganna na naíonán 3

1.2 An tumoideachas sna ranganna eile 4

1.3 Teanga na cumarsáide i measc na ndaltaí 4

1.4 Úsáid na n-acmhainní daonna agus ábhartha 4

1.4.1 Úsáid na n-uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge 4

1.4.2 Acmhainní teagaisc agus foghlama chun tacú leis an tumoideachas 5

1.5 Tacaíocht ó thuismitheoirí, ón bpobal agus ó scoileanna eile 5

1.6 Ag breathnú chun cinn 6

2. Na príomhtheachtaireachtaí ó iar-bhunscoileanna rannpháirteach sa Scéim 6

2.1 An tumoideachas 6

2.2 Teanga na cumarsáide i measc na scoláirí 7

2.3 Úsáid na n-acmhainní daonna agus ábhartha 8

2.3.1 Úsáid na n-uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge 8

2.3.2 Acmhainní teagaisc agus foghlama chun tacú leis an tumoideachas 8

2.4 Tacaíocht ó thuismitheoirí, ón bpobal agus ó scoileanna eile 9

2.5 Dúshláin le sárú 9

2.6 Ag breathnú chun cinn 9

Réamhrá

Tugann an tuairisc seo léargas ar na príomhtheachtaireachtaí ó chuairteanna comhairleacha a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna le linn na tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2018 ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (*Scéim*).

Tá sé mar phríomh thiomantas ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 deis a chur ar fáil do scoileanna i limistéir phleanála teanga Gaeltachta aitheantas a ghnóthú mar scoileanna Gaeltachta bunaithe ar shainchritéir theanga-bhunaithe[1] a chur i bhfeidhm agus ar an gcoinníoll go mbíonn siad páirteach sna próisis teanga-bhunaithe a bhfuil foráil déanta dóibh in Acht na Gaeltachta 2012.

Le linn na scoilbhliana 2018/19, tá na gníomhartha á bhfeidhmiú ag 105 bunscoileanna agus 28 iar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* chun na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas[2] agus aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Leanfar le próiseas sé-chéim na féinmheastóireachta scoile (FMS) in*Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020 do Bhunscoileanna* mar bhonn leis an obair sin.

Is é an cuspóir atá le cuairteanna comhairleacha na Cigireachta ná tacú le scoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim,* thar chomhthéacsanna sochtheangeolaíocha éagsúla, a bpleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú, agus úsáid na Gaeilge i measc phobal na scoile a mhéadú. Tugadh faoi chuairteanna comhairleacha na Cigireachta taobh leis an bhforbairt ghairmiúil a chuir An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus seirbhísí tacaíochta eile[3] ar fáil.

Déantar achoimre sa tuairisc seo ar na príomhtheachtaireachtaí maidir leis na chéad chéimeanna de chur i bhfeidhm an tumoideachais de réir na *Scéime* a thuairiscigh pearsanra na scoile le linn na gcuairteanna comhairleacha Cigireachta. Baineann cuid a haon den tuairisc le bunscoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* agus tugtar léargas i gcuid a dó ar na príomhtheachtaireachtí a tuairiscíodh faoi iar-bhunscoileanna Gaeltachta.

[1] Tá na critéir theanga-bhunaithe atá riachtanas chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach ar fáil in Imlitir 0033/2017 (bunscoileanna) agus in Imlitir 0034/2017 (iar-bhunscoileanna).

[2] I gcomhthéacs na scoile Gaeltachta, is éard is brí leis an tumoideachas ná gach ábhar curaclaim a mhúineadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge, seachas curaclam an Bhéarla. Is ionann an luaththumoideachas agus an cleachtas a bhaineann le clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, nuair nach múinfear Béarla le linn na tréimhse sin.

[3] Seirbhísí tacaíochta náisiúnta eile do scoileanna:

- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (www.pdst.ie)
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (www.jct.ie)
- Lárionad Ceannaireachta Scoile (www.cslireland.ie)

1. Na príomhtheachtaireachtaí ó bhunscoileanna rannpháirteach sa Scéim

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a d'eascair as na comhráití a bhí ag cigirí le príomhoidí agus baill foirne le linn na gcuairteanna comhairleacha ar bhunscoileanna.

1.1 An luaththumoideachas i ranganna na naíonán

Tuairscíodh go bhfuil an luaththumoideachas á chur i bhfeidhm sna naíonáin shóisearacha agus sna naíonáin shinsearacha i mbeagnach gach bunscoil atá ag feidhmiú sa *Scéim* (Tábla 1). Léiríonn sé sin gur thosaigh na bunscoileanna sin ar fheidhmiú an tumoideachais ó thús na *Scéime* nó roimhe sin, rud ata inmholta. Níl aon naíonáin ag freastal ar roinnt bheag bhunscoileanna agus tá tús curtha le feidhmiú an tumoideachais sna scoileanna sin sna meánranganna agus sna hardranganna. Is ardú croí agus meanman do na bunscoileanna an dul chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge atá á dhéanamh ag na daltaí sna ranganna sin. Tuairscíodh go spreagtar na daltaí eile an Ghaeilge a labhairt mar gheall ar an rath atá ar fheidhmiú an luaththumoideachais go dtí seo agus go bhfuil meon an-dearfach á chothú i leith na teanga sa scoil dá bharr.



Tábla 1: Na ranganna naíonán sa *Scéim* ina bhfuil an luaththumoideachas á chur i bhfeidhm

I measc na straitéisí fiúntacha atá in úsáid chun an luaththumoideachas sna ranganna naíonán a chur chun cinn tá:

- tumadh iomlán sa Ghaeilge chun deiseanna éisteachta agus labhartha a thabhairt do na daltaí ar leibhéil éagsúla chumais sa teanga
- straitéisí luathidirghabhála atá dírithe ar fhoghlaim agus ar úsáid na teanga
- feidhmiú *Aistear* (creatchuraclam luath-óige do pháistí) le hionchur láidir teanga ó mhúinteoirí agus ó chúntóirí teanga[4]
- comhmhúinteoireacht idir an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta Gaeilge agus an múinteoir oideachais speisialta chun scileanna luathlitearthachta agus luathuimhearthachta a fhorbairt le hidirghabhálacha ar nós: *Léim sa Litearthacht* agus *Réidh, Socair, Déan*.

[4]Tá na Cúntóirí Teanga ag feidhmiú faoi scáth na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

1.2 An tumoideachas sna ranganna eile

Thug pearsanra na scoile le fios do chigirí go bhfuil múinteoirí ag tabhairt faoin iliomad straitéisí chun an tumoideachas a chur chun cinn i ranganna eile na bunscoile, mar shampla:

- forbairt ar ghnéithe éagsúla de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i bhfeidhmiú an tumoideachais ar bhonn scoile-uile
- ábhar amháin (nó níos mó) á mhúineadh trí mheán na Gaeilge, ag cur béime ar leith ar theagasc agus ar fhoghlaim shainteanga an ábhair sin
- an léitheoireacht Ghaeilge á cur chun cinn ar bhonn scoile-uile, mar shampla, fíor leabhair Ghaeilge ar fáil do gach dalta le léamh ar a gcumas féin; leabhair chéimnithe do theagasc agus d'fhoghlaim na léitheoireachta agus leabhair chomhthreormhara don léitheoireacht phearsanta. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn a bpáistí, rud a láidríonn an teagmháil baile/scoile. Tuairiscíodh go bhfuil an córas seo ag obair go maith sna scoileanna beaga.
- na múinteoirí ag díriú go sainiúil ar shaibhriú agus ar chruinneas na Gaeilge sna scoileanna ina raibh an dátheagachas nó an tumoideachas i bhfeidhm cheana féin.
- I measc na straitéisí measúnaithe a tuairiscíodh bhí: bunlíne do leibhéal teanga na ndaltaí aimsithe trí thaifead a dhéanamh ar a gcuid teanga/léitheoireachta agus próifílí measúnachta a úsáid chun clár foghlama teanga a dhearadh.

1.3 Teanga na cumarsáide i measc na ndaltaí

Tuairiscíodh go bhfuil an iomaí cur chuige in úsáid ag bunscoileanna na *Scéime* chun na daltaí chun cumarsáid a dhéanamh eatarthu féin trí mheán na Gaeilge ina gcaidreamh sa rang agus sa chlós. Mar shampla:

- aithint agus teagasc na struchtúr teanga atá ag teastáil ó na daltaí do chumarsáid na Gaeilge
- tacú leis na daltaí na botúin choitianta sa teanga a aithint; féin-cheartú na ndaltaí agus ceart úsáid na teanga a chur chun cinn; grinn-teagasc agus cleachtadh leanúnach na teanga
- cinnireacht agus úinéireacht tugtha do na daltaí sinsearacha ar chur chun cinn na Gaeilge cumarsáide sa scoil
- straitéisí dreasachta in úsáid chun tacú leis na daltaí Gaeilge a labhairt, mar shampla, duaiseanna do labhairt na Gaeilge (duaiseanna aonair agus duaiseanna do ghrúpaí)
- cur chun cinn na Gaeilge sa chlós, mar shampla:
    - cluichí agus gníomhaíochtaí clóis as Gaeilge eagraithe do na daltaí
    - leabhrán curtha le chéile chun tacú le haithris na rann sa chlós
    - clós ar leith curtha ar fáil do na naíonáin agus d'aon dalta eile atá sásta Gaeilge a labhairt
    - feitheoireacht ar leith ar iompar teanga na ndaltaí sa chlós
    - ról ar leith ag an gcúntóir teanga i gcur chun cinn na Gaeilge sa chlós.
- na daltaí páirteach i gcomórtais, féilte na Gaeilge &rl chun feasacht a chothú ina measc i leith na Gaeilge agus an chultúir.

1.4 Úsáid na n-acmhainní daonna agus ábhartha

1.4.1 Úsáid na n-uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge

Is léir óna cuairteanna comhairleacha go bhfuil formhór na mbunscoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* an-sásta leis na huaireanta breise tacaíochta teanga don Ghaeilge. Thuairiscigh na bunscoileanna do na cigirí go bhfuil na múinteoirí tacaíochta Gaeilge ag obair go comhoibritheach leis

na múinteoirí príomhshrutha i bhfeidhmiú an tumoideachais agus i gcur chun cinn na Gaeilge sna scoileanna.

Tugadh le fios ag pearsanra na mbunscoileanna go n-éascaíonn an múinteoir tacaíochta Gaeilge difreálú sa teagasc agus san fhoghlaim d'fhoghlaimeoirí, do chainteoirí dúchais, do dhaltaí le hinniúlacht an-mhaith sa Ghaeilge agus do dhaltaí le riachtanais fhoghlama éagsúla sa teanga, iad siúd gan Gaeilge san áireamh. I gcuid de na scoileanna, múineann an múinteoir tacaíochta Gaeilge sainteanga na n-ábhar curaclaim eile do na daltaí chun tacú leo an t-ábhar a fhoghlaim trí mheán na Gaeilge.

Seo a leanas roinnt samplaí den dea-chleachtas a tuairiscíodh maidir le húsáid na n-uaireanta tacaíochta sna bunscoileanna:

- teagasc ghrúpa do dhaltaí aistarringte as ranganna príomhshrutha
- comhmhúinteoireacht in-ranga ar siúl ag an múinteoir príomhshrutha agus an múinteoir oideachais speisialta d'idirghabhálacha éagsúla sa litearthacht agus san uimhearthacht trí mheán na Gaeilge, go háirithe i bhfeidhmiú an luaththumoideachais
- éascaíocht ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge i ngrúpaí beaga i ranganna príomhshrutha
- cabhrú leis na daltaí sinsearacha coistí Gaeilge a bhunú chun tacú le daltaí eile an teanga a chleachtadh
- tacaíocht do chur chun cinn na Gaeilge mar theanga chumarsáide na scoile.

1.4.2 Acmhainní teagaisc agus foghlama chun tacú leis an tumoideachas

I measc na n-acmhainní a tuairiscíodh atá in úsáid chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm, tá leabhair léitheoireachta, leabhair leabharlainne, an scéim *Séideán Sí*, cluichí teanga, leabhair Ghaeilge d'ábhar curaclaim eile, scéimeanna fónaice, ábhair do theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, ábhair tacaíochta churaclaim óna seirbhísí tacaíochta náisiúnta do mhúinteoirí, agus acmhainní teagaisc agus foghlama féin-deartha ag na múinteoirí.

1.5 Tacaíocht ó thuismitheoirí, ón bpobal agus ó scoileanna eile

I bhformhór na mbunscoileanna ar tugadh cuairt orthu, tuairiscíodh go raibh dearcadh an-dearfach ag na tuismitheoirí i leith an tumoideachais agus gur méadaíodh ar a dtacaíocht ó thús na *Scéime.* Tá ranganna Gaeilge curtha ar fáil do thuismitheoirí i gceantair Ghaeltachta áirithe, agus iarrachtaí éagsúla déanta in áiteanna eile cabhrú leis na tuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt i limisteár na scoile. Thuairiscigh go leor príomhoidí agus múinteoirí go bhfuil siad ina mball den choiste pleanála teanga Gaeltachta áitiúil. Ba chóir go n-éascódh sé seo cur chuige comhoibríoch idir an scoil agus an pobal chun critéir theanga-bhunaithe na *Scéime* a bhaint amach.

Tá tacaíocht agus comhoibriú ar fáil do bhunscoileanna ó fhoinsí eile, mar shampla:

- comhoibriú idir bunscoileanna i gceantair comhchosúla i dtaobh acmhainní agus dea-chleachtais de
- líonraí de mhúinteoirí /de phríomhoidí á gcruthú
- teagmháil rialta idir príomhoide na hiar-bhunscoile agus príomhoidí bunscoile i gceantair Ghaeltachta áirithe
- cainteoirí dúchais le canúint na háite ag tacú leis an nGaeilge sa scoil, mar shampla, ag éascú plé, comhrá, léitheoireacht, léirmheastóireacht, cluichí teanga agus scéalaíocht le linn cuairte ar an leabharlann áitiúil.

1.6 Ag breathnú chun cinn

Is léir go bhfuil dearcadh an-dearfach á chothú sna bunscoileanna i leith an tumoideachais agus go bhfuil tacaíocht an-mhaith ag teacht ó fhormhór na dtuismitheoirí. Le cur leis an obair mhaith atá déanta go dtí seo agus le go mbeidh an rath ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge, rinne na cigirí moltaí éagsúla do bhunscoileanna na *Scéime* le linn na gcuairteanna comhairleacha.

B'iad na moltaí ba mhinice a rinneadh chun tacú le bunscoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* ná:

- monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tumoideachais
- measúnú agus anailís a dhéanamh ar thorthaí foghlama na ndaltaí
- féinmheasúnú na ndaltaí a chur chun cinn agus úinéireacht a thabhairt dóibh ar a gcuid foghlama
- a chinntiú go bhfuil an leas is fearr á bhaint as na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge i bhfeidhmiú an tumoideachais
- saineolas i dtaobh an tumoideachais agus múineadh an dara teanga a fhorbairt agus a chothú i measc na múinteoirí
- tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag an scoil i bhfeidhmiú an tumoideachais
- timpeallacht phrionta shaibhir a chruthú le comharthaí Gaeilge ar taispeáint go soiléir chun tiomantas na scoile i leith an tumoideachais a léiriú
- tuilleadh úsáide a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil mar shampla: *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais*; *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2016) agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna*
- líonraí scoileanna/príomhoidí/múinteoirí a chruthú chun an dea-chleachtas maidir le feidhmiú an tumoideachais i scoileanna a roinnt.

2. Na príomhtheachtaireachtaí ó iar-bhunscoileanna rannpháirteach sa Scéim

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a d'eascair as na comhráití a bhí ag cigirí le príomhoidí agus baill foirne le linn na gcuairteanna comhairleacha ar iar-bhunscoileanna.

2.1 An tumoideachas

Tá oideachas iomlán trí Ghaeilge á chur ar fáil, mar a bhí go dtí seo, i líon ard iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta is láidre. Tá forbairt déanta in iar-bhunscoileanna eile mar a bhaineann sé le cur le líon na n-ábhar á múineadh trí Ghaeilge, lucht na céadbhliana á múineadh go hiomlán trí Ghaeilge, agus in iar-bhunscoil amháin líon áirithe ábhar á gcur ar fáil trí Ghaeilge sa tsraith shinsearach. Tuairiscíodh go bhfuil ag éirí le bainistíocht na n-iarbhunscoileanna míniú níos iomláine a thabhairt do thuismitheoirí ar an oideachas Gaeltachta agus go bhfuil tuismitheoirí ag glacadh le buntáistí an tumoideachais.

Is iad na cuir chuigí scoile seo a leanas atá ag tacú leis na forbairtí maidir leis an tumoideachas in iar-bhunscoileanna ó thús na *Scéime:*

- polasaí earcú múinteoirí iar-bhunscoile forbartha atá dírithe ar mhúinteoirí le Gaeilge a cheapadh

- tacaíocht ar leith curtha ar fáil ag an iar-bhunscoil chun tacú le múinteoirí a scileanna inniúlachta sa Ghaeilge a fheabhsú. Tá múinteoirí, príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha ó roinnt áirithe iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag freastal ar chúrsaí d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus cúrsaí iarchéime ar an oideachas Gaeltachta agus lán-Ghaeilge in Institiúidí Ardoideachais. Tá múinteoirí ó roinnt iar-bhunscoileanna eile ag freastal ar ranganna Gaeilge ar leith chun feabhas a chur ar a scileanna líofachta, cruinnis agus gramadaí.
- an bhuíonteagaisc in úsáid in iar-bhunscoileanna áirithe chun dea-chleachtas a léiriú, a roinnt agus a neartú
- bolscaireacht agus eolas á scaipeadh ag iar-bhunscoileanna ar a bhfuil ar siúl acu ó thaobh an tumoideachais agus oideachas Gaeltachta de
- rannpháirtíocht na n-iar-bhunscoileanna i réimse cuimsitheach comórtais Ghaeltachta agus Ghaeilge a láidríonn cúrsaí teanga agus a threisíonn úsáid na Gaeilge.

2.2 Teanga na cumarsáide i measc na scoláirí

Is ceann de na dúshláin is mó a aithníodh sna hiar-bhunscoileanna ar tugadh cuairt orthu ná úsáid na Gaeilge i measc na scoláirí, fiú sna hiar-bhunscoileanna ina bhfuil líon ard cainteoirí dúchais. Tá dúshláin suntasacha ag baint le déagóirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt ina measc féin i suíomhanna sóisialta i dtimpeallacht na scoile. In ainneoin sin, tá iar-bhunscoileanna ag dul i ngleic leis na dúshláin seo le fonn agus le díograis. Tuairiscíodh gurb í seo an chéad uair do mhórchuid na n-iarbhunscoileanna díriú go sonrach ar an tsaincheist seo mar ábhar práinne. Tuairiscíodh freisin go bhfuil athruithe beaga le haithint in iar-bhunscoileanna áirithe ar iompar teanga na scoláirí go háirithe mar a bhaineann sé le húsáid na Gaeilge idir scoláirí na céadbhliana, scoláirí na hIdirbhliana agus i líon beag scoileanna sa chumarsáid idir scoláirí agus múinteoirí.

I measc na straitéisí a aithníodh in iar-bhunscoileanna chun scoláirí a spreagadh, tugadh suntas do na cinn seo a leanas:

- club Gaeilge am lóin, seomra caidrimh do chumarsáid agus do chluichí trí Ghaeilge
- lá do lucht na céadbhliana in ionad eachtraíochta lasmuigh den scoil, áit ar féidir leo cumarsáid a dhéanamh agus aithne a chur ar a chéile trí Ghaeilge
- cúinne ar leith aitheanta san iar-bhunscoil ina labhraítear Gaeilge amháin
- coiste Gaeilge do scoláirí bunaithe chun ról gníomhach a ghlacadh i leith cur chun cinn labhairt agus úsáid na teanga. Tá an nósmhaireacht seo bunaithe in an-chuid iar-bhunscoileanna ina bhfuil béim láidir ar ról ceannaireachta na scoláirí féin. Tugtar deis dóibh ionchur a thabhairt i leith straitéisí agus pleananna na scoile chun úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn sa scoil
- deis tugtha do chomhairle na scoláirí in iar-bhunscoileanna eile a dtuairimí a thabhairt i leith straitéisí chun an Ghaeilge a threisiú sa scoil
- seisiúin fheasachta teanga agus chultúrtha déanta leis na scoláirí. In iar-bhunscoil amháin, mar shampla, forbraíodh modúl forbartha ar shaoránacht Ghaeltachta agus rinneadh seisiún le scoláirí ar a bhféiniúlacht chultúrtha mar scoláirí Gaeltachta
- córas meantóireachta idir an idirbhliain agus an chéad bhliain le béim ar leith ar spreagadh úsáid na Gaeilge
- Thug iar-bhunscoil amháin cuireadh chuig iar-scoláirí chun labhairt leis na scoláirí faoi thábhacht na Gaeilge agus na buntáistí a bhaineann le bheith ina gcainteoirí dúchais nó cainteoirí líofa Gaeilge ag tarraingt as a dtaithí féin ar oideachas tríú leibhéal
- córas na bpointí ceangailte, i gcás dhá iar-bhunscoil, le hiarrachtaí na scoile chun úsáid na Gaeilge i measc scoláirí a mhéadú
- clubanna iar-scoile le ranganna trí mheán na Gaeilge ar nós ranganna cócaireachta, grúpaí comhrá agus ranganna spóirt

- béim bhreise ar rannpháirtíocht i gcomórtais Ghaeltachta/ Ghaeilge ar nós Oireachtas na Gaeilge, Scléip, díospóireachtaí Gael Linn, comórtais raidió agus TG4, ceardlanna filíochta, drámaíocht agus rannpháirtíocht i bhféilte áitiúla Gaelachta trí Ghaeilge
- naisc cothaithe le hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí chun léiriú a thabhairt ar iar-bhunscoileanna eile ina labhraítear Gaeilge mar phríomhtheanga.

Thuairiscigh múinteoirí agus ceannairí scoile go bhfuil ag éirí go maith leis na straitéisí éagsúla seo in an-chuid iar-bhunscoileanna chun úsáid na Gaeilge sa chumarsáid a threisiú. Is obair leanúnach a bheidh i gceist, agus cé go dtuigeann na hiar-bhunscoileanna go bhfuil dúshláin ann, tá siad dóchasach go bhfuil ag éirí leo de réir a chéile athruithe beaga a chur i bhfeidhm, athruithe gur féidir tógáil orthu.

2.3 Úsáid na n-acmhainní daonna agus ábhartha

2.3.1 Úsáid na n-uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge

Bhí easpa tuisceana i gcéadatán beag de na hiar-bhunscoileanna ag tús na scoilbhliana faoi úsáid cheart na n-uaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge. Le linn na gcuairteanna comhairleacha, cuireadh in iúl gur gá na huaireanta breise a úsáid go príomha chun tacaíocht a thabhairt don teagasc agus don fhoghlaim sa Ghaeilge, de réir *Nóta Treorach do Scoileanna* a eisíodh ón Aonad um Oideachas Gaeltachta go luath i Meán Fómhair 2018.

Seo a leanas roinnt samplaí den dea-chleachtas a tuairiscíodh maidir le húsáid na n-uaireanta tacaíochta sna hiar-bhunscoileanna:

- tacaíocht d'fhoghlaimeoirí sa rang agus i ngrúpaí aistarraingte ón rang príomhshrutha i gcuid mhaith de na hiar-bhunscoileanna
- tacaíocht ar leith do chainteoirí dúchais agus scoláirí le caighdeán an-ard Gaeilge maidir le saibhriú teanga in iar-bhunscoileanna áirithe
- tacaíocht bhreise curtha ar fáil do scoláirí chun a scileanna cruinnis sa Ghaeilge a fhorbairt
- fócas ar leith ar chanúint an cheantair, oidhreacht agus seanchas an cheantair, mar shampla, scéalta, amhráin agus béaloideas
- tacaíocht ar leith do chur i bhfeidhm *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (2017)* do scoláirí ar bheagán Gaeilge
- tús a chur le hábhair churaclaim ar leith a sholáthar trí Ghaeilge agus leathnú ar líon na n-ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge
- ranganna breise Gaeilge a chur ar fáil do scoláirí
- tacaíocht do scoláirí maidir le forbairt scileanna cumarsáide sa Ghaeilge agus éascú na scileanna sin trí chluichí agus ócáidí sóisialta a eagrú
- tacaíocht do mhúinteoirí ábhar trí bhuíonteagasc
- pleanáil d'fheidhmiú agus do mhonatóireacht a dhéanmh ar an bplean gníomhaíochta.

Tá croífhoireann curtha le chéile ag iar-bhunscoileanna áirithe atá freagrach as an *Scéim* go príomha agus cuirtear í mar mhír sheasta ar chlár na gcruinnithe foirne. Sna hiar-bhunscoileanna seo, bíonn cruinnithe rialta ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta agus ar an dul chun cinn. Is réimse chun forbartha í seo in iar-bhunscoileanna eile, áit nach bhfuil an fhoireann go léir iomlán eolach faoin *Scéim.*

2.3.2 Acmhainní teagaisc agus foghlama chun tacú leis an tumoideachas

Tuairiscíodh i roinnt iar-bhunscoileanna go raibh an deontas d'acmhainní Gaeilge caite ar leabhair léitheoireachta agus ar chluichí teanga chun cúrsaí cumarsáide trí Ghaeilge a spreagadh i measc

scoláirí. Ní raibh úsáid bainte as an deontas d'acmhainní Gaeilge fós ag roinnt eile d'iar-bhunscoileanna. I gcásanna eile, chuir na cigirí comhairle ar iar-bhunscoileanna maidir le ceart úsáid an deontais de réir théarmaí Imlitir 0022/2018.

2.4 Tacaíocht ó thuismitheoirí, ón bpobal agus ó scoileanna eile

Cosúil leis an aiseolas ó bhunscoileanna, tuairiscíodh go raibh méadú tagtha ar thacaíocht na dtuismitheoirí i leith an tumoideachais ó thús fheidhmiú na *Scéime.* Tuairiscíodh gur eagraigh cúpla iar-bhunscoil cruinniú le tuismitheoirí na céadbhliana chun iad a chur ar an eolas faoin *Scéim* agus faoin dul chun cinn maidir le feidhmiú an tumoideachais sa scoil.

Léiríodh go raibh iar-bhunscoileanna ag céimeanna éagsúla i dtaobh naisc a chruthú le coistí pleanála teanga Gaeltachta agus leis an bpobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú lasmuigh den scoil. Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á n-eagrú ag scoileanna áirithe agus ranganna á n-eagrú go háitiúil i gcásanna eile.

2.5 Dúshláin le sárú

Luaigh líon d'iar-bhuncoileanna go raibh dúshláin ar leith acu maidir le hearcú múinteoirí le hard-scileanna inniúlachta sa Ghaeilge go háirithe sna mionábhair, mar shampla, Eacnamaíocht Bhaile, Fisic agus Ceol. Tuairsicíodh go raibh na dúshláin seo i bhfad níos géara in iar-bhunscoileanna na n-oileán, nuair nach bhfuil an dara rogha ag an iar-bhunscoil i gcásanna áirithe ach múinteoirí a earcú nach bhfuil iomlán inniúil ar an nGaeilge.

2.6 Ag breathnú chun cinn

Ar an iomlán, bhí an t-aiseolas ó na hiar-bhunscoileanna le linn na gcuairteanna comhairleacha go dáta an-dearfach. Cé go raibh imní áirithe ar roinnt iar-bhunscoileanna ag tús na *Scéime* nach mbeadh tacaíocht iomlán acu ó thuismitheoirí agus ó scoláirí ach is a mhalairt de scéal atá ag teacht chun cinn le déanaí in an-chuid ceantair Ghaeltachta. Bhí go leor iar-bhunscoileanna an-sásta faoin dearcadh dearfach a léiríodh i measc tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí ó thaobh úsáid na Gaeilge sa seomraí ranga agus sa chumarsáid tríd an scoil.

Le cur leis an obair atá déanta go dtí seo agus chun go mbeidh an rath is fearr ar an tumoideachas, rinne na cigirí moltaí éagsúla chun tacú le hiar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim*. B'iad na moltaí ba mhinice a rinneadh ná:

- eolas bonnlíne a fháil faoi chumas teanga na scoláirí sa Ghaeilge, go háirithe sa chéad bhliain agus sa dara bliain
- monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí ó thaobh na teanga de
- na dea-chleachtais agus na héachtaí ó thaobh úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide a chlárú agus a cheiliúradh
- cur le líon na straitéisí chun an Ghaeilge a chur chun cinn san iar-bhunscoil
- cinntiú go bhfuil ról lárnach ceannaireachta ag na scoláirí maidir le cur chun cinn na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge a mhéadú
- tuismitheoirí agus scoláirí a chur ar an eolas faoi stádas na scoile i dtaobh na *Scéime Aitheantas Scoileanna Gaeltachta*, agus na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas a fhógairt go rialta
- timpeallacht Ghaelach a chothú san iar-bhunscoil
- naisc a chruthú agus a chothú leis na bunscoileanna Gaeltachta sa cheantar

- naisc a chruthú agus a chothú leis an gcoiste pleanála teanga Gaeltachta agus leis an bpobal áitiúil go háirithe mar a bhaineann sé lena gcumas breis deiseanna labhartha Gaeilge a sholáthar lasmuigh den scoil
- an nasc idir an múinteoir tacaíochta teanga don Ghaeilge agus an cúntóir teanga a láidriú agus an chumarsáid eatarthu a dhaingniú chun an éifeacht is mó a bhaint as na tacaíochtaí breise
- rannpháirtíocht na scoláirí i réimse comórtas a éascú agus a chur chun cinn agus a ngnóthachtáil sa Ghaeilge a cheiliúradh
- úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil: *Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais;* S*onraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1*) agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna.*